



An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

2017/0035(COD)

27.4.2020

TUAIRIM

ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (COM(2017)0085 – C8-0034/2017 – 2017/0035(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Ville Niinistö

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Déantar foráil in Airteagal 291 de Chonradh Liospóin, go dtabharfar cumhachtaí cur chun feidhme sna gníomhartha reachtacha don Choimisiún i gcás inar gá coinníollacha aonfhoirmeacha um fhorghníomhú. Maidir leis an gcaoi a rialaíonn na Ballstáit feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme sin agus glacadh na ngníomhartha cur chun feidhme lena mbaineann, déantar é sin a leagan amach i Rialachán 182/2011 agus moltar, leis seo, go ndéanfaí athbhreithniú air.

I gcuid mhór cásanna, tá an nós imeachta reatha ag feidhmiú go maith. Mar sin féin, tá cásanna ann, go háirithe faoin “nós imeachta scrúdúcháin”, ar mó fadhbanna a bhaineann leo agus ceisteanna á dtarraingt anuas faoi cheisteanna freagrachta agus úinéireachta i dtaobh na gcinntí a rinne na Ballstáit, go háirithe i réimsí atá íogair ó thaobh na polaitíochta de, amhail i réimse sláinte agus sábháilteachta daoine, ainmhithe nó plandaí.

De réir an “nós imeachta scrúdúcháin”, chun gur féidir an gníomh a ghlacadh caithfidh tromlach cáilithe a bheith ann atá i bhfabhar an ghnímh cur chun feidhme atá á mholadh ag an gCoimisiún. Mura sroichtear an tromlach sin, féadfaidh an Coimisiún achomharc a dhéanamh chuig Coiste Achomhairc. Agus mura bhfuil tromlach bunaithe sa Choiste Achomhairc i bhfabhar nó i gcoinne an ghnímh cur chun feidhme (i gcás “neamhthuirime”), féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an gníomh a ghlacadh nó a dhiúltú as a stuaim féin.

Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, molann an Coimisiún an méid seo a leanas ina athbhreithniú:

- seasaimh vótála ionadaithe na mBallstát aonair sa Choiste Achomhairc a phoibliú;
- leibhéil bhreise achomhairc a thabhairt isteach ar leibhéal na n-airí agus d'fhéadfadh an t-ábhar a thabhairt faoi bhráid leibhéal na Comhairle chun críche treoshuímh;
- gan staonadh a chomhaireamh agus córam nua a thabhairt isteach chun páirt a ghlacadh sna vótaí (tromlach simplí na mBallstát).

Tacaíonn an rapóirtéir don tuairim go hiomlán leis an togra chun an trédhearcacht a fheabhsú agus molann sé tuilleadh beart comhchosúil le linn an nós imeachta, lena n-áirítear a cheangal ar na Ballstáit réasúnú a thabhairt chun gníomh cur chun feidhme a ghlacadh nó a dhiúltú. Ar an taobh eile, creideann an Rapóirtéir don tuairim gur dócha nach mbeadh na leibhéil bhreise achomhairc atá molta ina gcuidiú, mar is léir ón taithí a fuarthas gur annamh a bhíonn torthaí na vótaí sna coistí achomhairc éagsúil leis na torthaí sna buanchoistí. Ina theannta sin, tá an rapóirtéir don tuairim go láidir i gcoinne an athraithe atá beartaithe maidir le cleachtais chomhairimh chóraithe agus vótaí, ar athrú é nach bhfuil inghlactha ó thaobh an daonlathais de.

Chun an fhadhb a réiteach a bhaineann le cásanna “neamhthuirime” a bheith ann, tá sé beartaithe idirdhealú a dhéanamh idir cásanna de réir réimse agus chineál an chinnidh. I gcás táirgí agus substaintí i réimsí na sláinte, na n-ainmhithe agus na bplandaí, cheanglófaí ar an gCoimisiún an tsubstaint a thoirmeasc mura mbeadh tromlach cáilithe i bhfabhar údarú a dheonú ina leith. Leis an nós imeachta sin, chuirfí deireadh le rogha an Choimisiúin de réir an cháis agus d'áiritheofaí tuilleadh deimhneacht dhlíthiúil toisc go gcumhdófaí sa Rialachán sin an oibleagáid gan an tsubstaint a údarú i gcás nach mbeadh tromlach ann.

Ina theannta sin, i gcásanna a bhaineann leis an mbunghníomh céanna, bíonn cásanna ann go córasach nach dtugann na Ballstáit tuairim ina dtaobh. Sna cásanna sin, ba cheart a fhoráil go ndéanfadh an Coimisiún a mharana ar an mbunghníomh a athbhreithniú maidir leis an bpointe beacht sin.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1a) Tá coiste speisialta curtha ar bun ag Parlaimint na hEorpa chun scrúdú a dhéanamh ar nós imeachta údaraithe an Aontais maidir le lotnaidicídí san Aontas chun gur féidir coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith sa nós imeachta formheasa a shainaithint agus féachaint ar an ról atá ag gníomhaireachtaí an Aontais, agus chun scrúdú a dhéanamh an bhfuil foireann agus maoiniú ar leibhéal leordhóthanach acu chun gur féidir leo a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh. Maidir leis an tuarascáil deiridh i dtaca lena thorthaí fíriciúla agus moltaí, a bheidh ar an bParlaimint a fhormheas i suí iomlánach, ba cheart an tuarascáil sin a chur san áireamh chun go bhféadfaí feabhas a chur ar an gcóras a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Réasúnú

Beidh an coiste speisialta a shuiteáil Parlaimint na hEorpa ag plé le roinnt de na nósanna imeachta sonracha den togra seo. I ngeall ar an toradh a bheidh air sin, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh athrú ar an gcur chuige atá againn agus ba cheart é sin a chur san áireamh ón tús.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(2) The system established by Regulation (EC) No 182/2011 has, overall, proven to work well in practice and struck an appropriate institutional balance as regards the roles of the Commission and the other actors involved. That system should therefore continue to function unchanged except for certain targeted amendments concerning specific aspects of procedure at the level of the appeal committee. These amendments are intended to ensure wider political accountability and ownership of politically sensitive implementing acts without, however, modifying the legal and institutional responsibilities for implementing acts as organised by Regulation (EU) No 182/2011.

Leasú

(2) Tá sé cruthaithe go n-oibríonn an córas a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 go sásúil i gcleachtas, ar an iomlán, agus gur éirigh leis cothromaíocht iomchuí institiúideach a bhaint amach i dtaobh ról an Choimisiúin agus ról na ngníomhaithe eile lena mbaineann. Ba cheart, dá bhrí sin, gan aon athrú a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais sin, seachas roinnt leasuithe spriocdhírthe a dhéanamh a bhaineann le gnéithe sonracha **den nós imeachta scrúdacháin, den nós imeachta comhairleach agus den nós imeachta** ar leibhéal an choiste achomhairc. Tá na leasuithe sin beartaithe cuntasacht pholaitiúil níos leithne agus úinéireacht gníomhartha cur chun feidhme atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a áirithiú, **go háirithe i measc na mBallstát, agus aird níos mó a thabhairt ar phrionsabal an réamhchúraim** ach, mar sin féin, gan freagrachtaí dlíthiúla agus institiúideacha na ngníomhartha cur chun feidhme mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 iad a mhodhnú.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) I líon áirithe cásanna, déantar foráil le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 maidir le tarchur chuig an gcoiste achomhairc. I gcleachtas, tháinig an coiste achomhairc le chéile nuair nach raibh aon tromlach cáilithe, i bhfabhar nó i gcoinne, sa choiste i gcomhthéacs an nós imeachta scrúdúcháin, agus nár tugadh aon tuairim, dá bhrí sin. I dtromlach na gcásanna, tharla sin i dtaca le horgánaigh

Leasú

(3) I líon áirithe cásanna, déantar foráil le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 maidir le tarchur chuig an gcoiste achomhairc. I gcleachtas, tháinig an coiste achomhairc le chéile nuair nach raibh aon tromlach cáilithe, i bhfabhar nó i gcoinne, sa choiste i gcomhthéacs an nós imeachta scrúdúcháin, agus nár tugadh aon tuairim, dá bhrí sin. I dtromlach na gcásanna, tharla sin i dtaca le horgánaigh

ghéinmhodhnaithe, bia géinmhodhnaithe, beatha ghéinmhodhnaithe agus táirgí cosanta plandaí.

ghéinmhodhnaithe, bia géinmhodhnaithe, beatha ghéinmhodhnaithe agus táirgí cosanta plandaí, **ar saincheisteanna iad a bhfuil tuairimí agus cinnteoireacht na mBallstát ina leith fíorthábhachtach.**

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) Is léir ón taithí a fuarthas, i dtromlach mór na gcásanna, go mbíodh an toradh céanna ag an gcoiste achomhairc agus a bhíodh ag an gcoiste scrúdúcháin agus ba é neamhthuirim an toradh air sin. Níorbh aon chúnaimh an coiste achomhairc, dá bhrí sin, chun seasamh na mBallstát a shoiléiriú.

Leasú

(4) Is léir ón taithí a fuarthas, i dtromlach mór na gcásanna, go mbíodh an toradh céanna ag an gcoiste achomhairc agus a bhíodh ag an gcoiste scrúdúcháin agus ba é neamhthuirim an toradh air sin. Níorbh aon chúnaimh an coiste achomhairc, dá bhrí sin, chun seasamh na mBallstát a shoiléiriú, **agus le cásanna débhríochta den sórt sin, cuirtear moill ar an bpróiseas cinnteoireachta san Aontas i dtaca le hábhair atá thar a bheith suntasach.**

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(7) Cé go dtugtar de chumhacht don Choimisiún an cinneadh a dhéanamh sna cásanna sin, i ngeall ar a íogaire is atá na ceisteanna i dtrácht is ceart do na Ballstáit freagracht **iomlán** a ghlacadh as a gcúraimí sa phróiseas cinnteoireachta. **Ní hamhlaidh atá, áfach,** nuair nach bhfuil na Ballstáit in ann tromlach cáilithe a fháil **i ngeall ar, i measc cúiseanna eile, líon suntasach staonta nó neamhláithreachtaí tráth na vótála.**

Leasú

(7) Cé go bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún **faoi láthair** an cinneadh a dhéanamh sna cásanna sin, i ngeall ar a íogaire is atá na ceisteanna i dtrácht is ceart do na Ballstáit freagracht **níos mó** a ghlacadh as a gcúraimí sa phróiseas cinnteoireachta. **Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí na Ballstáit a dhreasú chun cinneadh soiléir a ghlacadh, ina fhabhar nó ina choinne, agus páirt ghníomhach a ghlacadh le linn na seisiún vótála agus iad a bheith i láthair ar a laghad. I gcás ina mbaineann**

an dréachtghníomh cur chun feidhme le sláinte nó sábháilteacht daoine, ainmhithe nó plandaí a chosaint, ba cheart go dtabharfaí tús áite do phrionsabal an réamhchúraim. Más rud é, i gcásanna den sórt sin, nach bhfuil na Ballstáit in ann tromlach cáilithe a fháil, i bhfabhar tograí chun údarú a dheonú le haghaidh táirge nó substainte, ba cheart an t-údarú a mheas a bheith diúltaithe.

Leasú 6
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(8) Chun breisluach an choiste achomhairc a mhéadú, ba cheart a ról a neartú trí fhoráil a dhéanamh maidir leis an deis cruinniú eile den choiste achomhairc a thionól i gcás neamhthuirime. Is ar leibhéal na n-airí is ceart an leibhéal iomchuí ionadaíochta a bheith sa chéad chruinniú eile den choiste achomhairc, chun a áirithiú go ndéantar cinneadh polaitiúil. Chun go bhféadfar cruinniú eile a eagrú, ba cheart cur leis an sprioc-am don choiste achomhairc tuairim a thabhairt.

scriosta

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(9) Ba cheart na rialacha vótála don choiste achomhairc a athrú chun baol na neamhthuirime a laghdú agus chun spreagadh a thabhairt d'ionadaithe na mBallstát seasamh soiléir a ghlacadh. Chuige sin, ba cheart a mheas gur Ballstáit rannpháirteacha iad na Ballstáit atá i láthair nó a bhfuil a n-ionadaithe i

scriosta

láthair, agus nach staonann, agus iad siúd amháin, agus an tromlach cáilithe á ríomh. Chun a áirithiú go bhfuil toradh na vótála ionadaíoch, níor cheart vóta a mheas mar vóta bailí ach amháin más baill rannpháirteacha den choiste achomhairc iad tromlach simplí na mBallstát. Mura mbaintear an córam amach sula mbíonn an sprioc-am don choiste cinneadh a dhéanamh istigh, measfar gur neamhthuairim a tháinig ón gcoiste, faoi mar atá i láthair na huaire.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

10. *Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún, i gcásanna áirithe, iarraidh ar an gComhairle a dearcaí agus a claonadh a chur in iúl i dtaobh na n-impleachtaí níos leithne a bheadh ann in éagmais tuairime, lena n-áirítear na himpleachtaí institiúideacha, dlíthiúla, polaitiúla agus idirnáisiúnta. Ba cheart don Coimisiún a chur san áireamh aon seasamh a chuireann an Chomhairle in iúl laistigh de 3 mhí tar éis an tarchuir. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún sprioc-am níos giorra a lua sa tarchur.*

scriosta

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(11) *Ba cheart tuilleadh trédhearcachta a bheith ann i gcás vótáí ionadaithe na mBallstát ar leibhéal an choiste achomhairc agus ba cheart vótáí*

(11) *Ba cheart tuilleadh trédhearcachta a bheith ann le linn an nós imeachta comhairleach, an nós imeachta scrúdúcháin agus nós imeachta an*

ionadaithe na mBallstát aonair a phoibliú.

choiste achomhairc, ina n-iomláine. Go háirithe, ba cheart vótaí ionadaithe na mBallstát aonair, lena n-áirítear na rúin atá acu maidir le vótáil i gcás nach dtarlaíonn aon vóta foirmiúil, a phoibliú. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin maidir le vótaí ag an gcoiste achomhairc, ag an gcoiste scrúdúcháin agus le linn an nós imeachta comhairleach ina iomláine. Ba cheart faisnéis níos mionsonraithe ar chomhdhéanamh na gcoistí saineolaithe a phoibliú.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011
Airteagal 3 – mír 7 – fomhír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1) In Airteagal 3(7), cuirtear an séú fomhír seo a leanas leis:

scriosta

“I gcás neamhthuairim ón gcoiste achomhairc de bhun an dara fomhír d’Airteagal 6(3), féadfaidh an cathaoirleach a chinneadh go dtionólfaidh an coiste achomhairc cruinniú eile, ar leibhéal na n-airí. Sna cásanna sin, tabharfaidh an coiste achomhairc a thuairim laistigh de 3 mhí ó dháta an chéad tarchuir.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011
Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(a) cuirtear an dara fomhír seo a

scriosta

leanas le mír 1:

"Mar sin féin, ní mheasfar gur baill rannpháirteacha den choiste achomhairc iad aon bhall den choiste achomhairc nach bhfuil i láthair nó nach bhfuil a ionadaí i láthair tráth na vótála nó aon bhall a staonann ón vóta. An tromlach dá dtagraítear in Airteagal 5(1), is é sin an tromlach cáilithe dá dtagraítear in Airteagal 238(3)(a) CFAE. Ní mheasfar go bhfuil vóta bailí ach amháin más baill rannpháirteacha iad tromlach simplí na mBallstát."

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011
Airteagal 6 – mír 3a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas: scriosta

"3a. I gcás neamhthuírim ón gcoiste achomhairc, féadfaidh an Coimisiún an cheist a chur faoi bhráid na Comhairle chun a tuairim a fháil lena dearcaí agus a claonadh a chur in iúl i dtaobh na n-impleachtaí níos leithne a bheadh ann in éagmais tuairime, lena n-áirítear na himpleachtaí institiúideacha, dlíthiúla, polaitiúla agus idirnáisiúnta. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh aon seasamh a chuireann an Chomhairle in iúl laistigh de 3 mhí tar éis an tarchuir. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún sprioc-am níos giorra a lua sa tarchur.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b a (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 182/2011
Airteagal 6 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ba) cuirtear isteach an mhír seo a leanas

‘4a. De mhaolú ar mhír 3, i gcás ina mbaineann an bunghníomh le sláinte agus sábháilteacht daoine, ainmhithe nó plandaí a chosaint agus ina mbaineann an dréachtghníomh cur chun feidhme le húdarú a dheonú do tháirge nó do shubstaint, in éagmais tuairim dhearfach arna vótáil ag an tromlach dá bhforáiltear in Airteagal 5(1), ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh tarmligthe sin agus déanfar an t-údarú a mheas a bheith diúltaithe.’;

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe -a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011
Airteagal 10 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

An téacs atá ann

Leasú

1. Coimeádfaidh an Coimisiún clár d'imeachtaí na gcoistí agus beidh an méid seo a leanas sa chlár sin:

(-a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

“1. Coimeádfaidh an Coimisiún clár **poiblí** d'imeachtaí na gcoistí, **a bheidh ar fáil tríd an idirlíon lena rochtain**. Beidh an méid seo a leanas sa **chlár poiblí sin**.”;

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe -a a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011
Airteagal 10 – mír 1 – pointe c

An téacs atá ann

Leasú

(c) na taifid achoimre, mar aon leis na liostaí de na húdaráis agus de na heagraíochtaí lena mbaineann na daoine **arna n-ainmniú ag na Ballstáit chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh,**

(-aa) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) na taifid achomaire, mar aon le liostaí de **na daoine atá i láthair agus** de na húdaráis agus na heagraíochtaí lena mbaineann na daoine **sin;**”;

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011
Airteagal 10 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(e) na torthaí vótála, lena n-áirítear, **i gcás** an choiste achomhairc, **vótaí ionadaí gach Ballstáit;**

Leasú

(e) na torthaí vótála, **sna coistí agus** sa choiste achomhairc araon, **agus réasúnú a bheith ag gabháil leo, lena n-áirítear na cásanna staonta;**

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011
Airteagal 10 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) scriostar mír 3;

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011
Airteagal 10 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ab) scriostar mír 4;

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011
Airteagal 10 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5: *scriosta*

"5. Maidir le tagairtí do na doiciméid ar fad dá dtagraítear i bpointe (a) go (d) agus (f) go (g) de mhír 1 chomh maith leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (e) agus (h) den mhír sin, déanfar iad a phoibliú i gclár na ndoiciméad."

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011
Airteagal 11 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3a) in Airteagal 11, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"Sa bhreis air sin, i gcás ina measfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar shannadh cumhachtaí cur chun feidhme ar an gCoimisiún i mbunghníomh, féadfaidh sí, aon tráth, a iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh maidir leis an mbunghníomh sin a leasú."

Réasúnú

I gcás gur cosúil gur dheacair tuairim dhearfach a fháil ó na Ballstáit i gcásanna den sórt

céanna, d'fhéadfadh sé a bheith tráthuil athbhreithniú a dhéanamh ar shannadh na gcumhachtaí cur chun feidhme ar an gCoimisiún.

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú inniúlachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin
Tagairtí	COM(2017)0085 – C8-0034/2017 – 2017/0035(COD)
An Coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 1.3.2017
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 1.3/2017
Rapóirtéir Dáta an cheapacháin	Ville Niinistö 18.2.2020
Dáta an ghlactha	18.2.2020